



Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2010

An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Focal leis an gCoimisinéir	3
1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	5
1.1 Bunadh agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	5
1.2 Struchtúr agus an Eagraíocht	5
1.3 Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	6
2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna	7
2.1 Measúnacht ar an mBealach a Chomhlíontar Ceanglais	7
2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta	7
2.1.2 Ceadú le cur i mbun seirbhíse	7
2.2 Maoirseacht ar Chomhlíonadh Nósanna Imeachta agus Caighdeán & Comhlíonadh a Fhorfheidhmiú	7
2.2.1 Iniúchóireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Ceanglais	8
2.2.2 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú	9
2.2.3 Buairimh an Tionscail	9
2.2.4 Uirill ón bpobal	9
2.2.5 Monatóireacht fhrithghníomhach	10
2.2.6 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	10
2.3 Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Teoracha & Rialacháin ón Eoraip (2007/59/CE)	10
2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	11
3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta de	12
3.1 Réamhrá	12
3.2 Líonra Iarnród Éireann	12
3.3 LUAS	12
3.4 Córais Thionsclaíocha	13
3.5 Iarnróid Oidhreachta	13
4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán	14
4.1 Réamhrá	14
4.2 Cúrsaí Airgeadais	14
4.2.1 Maoiniúchán	14
4.2.2 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	14
4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	14
4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	14
4.2.5 Taisteal agus speansais	15
4.3 Comhchoiste an Oireachtais um Iompar	15
4.4 Tiomantas don Ghaeilge	15
4.5 Saoráil Faisnéise	15
4.6 Cairt Chustaiméirí	15
4.7 Bainistíocht Rioscaí	15
4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó.	15
4.9 Ráiteas Straitéise 2009-2011	15
5. Ag Breathnú Amach Romhainn	16
Aguisín 1: Staitisticí Iarnróid Éireann	17
Aguisín 2: Eachtraí agus gortuithe iarnróid ar Iarnród Éireann 1998-2008	18
Aguisín 3: Staitisticí LUAS	19
Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2010	20

Focal Leis an gCoimisinéir



An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid Tuarascáil Bhliantúil

De réir alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, ceanglaítear ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair. Is í seo an tuarascáil bhliantúil i gcomhair 2010 agus, le cois faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí, riarachán agus rialachas an CSI; soláthraítear sa tuarascáil sonraí staitistiúla maidir leis an mbealach a d'fheidhmigh na rannpháirtithe éagsúla san earnáil iarnróid in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta de i rith na bliana ar a bhfuil súil á caitheamh.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith rannpháirteach, i gcuideachta Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh, san obair leanúnach le creat rialála sábháilteachta iarnróid na hEorpa a fhorbairt. Dá thoradh sin, bíonn obair nach beag le déanamh ag an CSI i ndáil le reachtaíocht náisiúnta a chomhchuibhiú agus comh-mhodhanna sábháilteachta an AE a chur i ngníomh.

De bharr ceanglais chun deimhnithe nua, a chomhlíonfadh ceanglais na Treorach ón Eoraip maidir le Sábháilteacht Iarnróid, a chur in ionad, faoi mhí Eanáir 2011, na ndeimhnithe sábháilteachta a d'eisít roimhe seo faoi reachtaíocht áitiúil, bhí réimse nua mór gníomhaíochta ag an CSI in 2010. Chun údarú ó thaobh na sábháilteachta de a fháil dá fheidhm mar Bhainisteoir Bonneagair agus deimhniú sábháilteachta a fháil dá chuid gníomhaíochtaí mar Ghnóthas Iarnróid, ceanglaíodh ar Iarnród Éireann (IÉ) córas bainistíochta sábháilteachta (CBS) a fhorbairt agus a chur i ngníomh, a chomhlíonfadh critéir mheasúnachta an AE. Táthar ag súil go gcuirfeadh an obair i gcrích i mí Eanáir 2011 maidir le CBS IÉ a mheasúnú le féachaint an gcomhlíonann sé na critéir sin.

Tugtar sainordú le Rialacháin an AE freisin maidir leis an mbealach a bhfuil monatóireacht le déanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair Iarnróid agus ar Ghnóthais Iarnróid lena chinntiú go gcuireann siad a gcuid CBS faoi seach i ngníomh agus go gcloíonn siad leis. Tá an CSI i mbun próisis le réimeas breisithe iniúchóireachta agus cigireachta a bhunú le maoirseacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann IÉ a CBS le cinntiú go mbeidh sé de réir chomh-mhodhanna sábháilteachta an AE. Beidh sain-acmhainní daonna breise riachtanach dá thoradh sin áfach.

Faoi dheireadh 2010, bhí líon na sainacmhainní teicniúla daonna tite go dtí 44% den inniúlacht a bhí riachtanach agus bhí riosca ann dá bharr do chumas an CSI a dhualgas rialála a chomhlíonadh – is é sin maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnróid in Éirinn. Le cois folúntas nár líonadh, d'éirigh beirt Chigirí Sábháilteachta Iarnróid as i rith ráithe deiridh 2010. Tá gach dícheall á dhéanamh chun an scéal sin a réiteach a luaithe agus is féidir in 2011.

Toradh suntasach a tháinig chun cinn de bharr thuairisc an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) faoin imscrúdú ar an gcás inar thit cuid de Tharbhealach an Mhóinéir Leathain ag Mullach Íde i mí Lúnasa 2009, is ea gur fachtóir é cailleadh na cuimhne corparáidí, a rannchuidigh leis an eachtra. De bharr an ghá le déanamh amach an fadhb eindéimeach atá ann, tá sainstaidéar coimisiúnaithe ag an CSI chun fachtóirí a aithint ar féidir leo rannchuidiú le cuimhne chorparáideach neamhfhoirmiúil a chailleadh, le tagairt ar leith do na feidhmeanna innealtóireachta in Iarnród Éireann.

Focal Leis an gCoimisinéir

Tá na crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí fós ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarrród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. Maidir le hoibriúcháin traenach, níor tháinig aon athrú suntasach ar bith le trí bliana anuas ar líon na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu. Is léir gur chóir tuilleadh infheistíochta i leith na sábháilteachta a dhíriú ar an dá réimse sin sa chaoi is go laghdófar leibhéal an riosca a bhaineann le crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí agus go soláthrófar leibhéil mhéadaithe de chosaint uathoibríoch maidir le traenacha.

Agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá, is tábhachtaí fós go leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean. “Sábháilteacht na n-iarrród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach.”

Mar chonclúid, is cuí buíochas a ghabháil le foireann an CSI as a dtiomantas agus as an tacaíocht a thug siad agus muid ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil i rith 2010.



Gerald Beesley
Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid



1.1 Bunadh agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid an 1^ú Eanáir 2006 go foirmiúil de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005. I gcomhthéacs na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir 2004/49/CE ón Eoraip) is é an CSI an tÚdaráis Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Tháinig an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid i bhfeidhm ina hiomláine in Éirinn nuair a leasaíodh an ASI leis na Rialacháin Eorpacha (Sábháilteacht Iarnróid) (I.R. Uimh. 61, 2008).

Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad sa Stát, ceanglaítear ar an CSI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúchán, go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach, viz.:

Measúnacht ar an mbealach a Chomhlíontar Ceanglais – Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhneith sábháilteachta, agus bonneagar nua iarnróid agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais

maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfear seirbhís i bhfeidhm.

Maoirseacht ar Chomhlíonadh Nósanna Imeachta agus Caighdeán & Comhlíonadh a Fhorfheidhmiú –

Iníúcháireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar nósanna imeachta agus caighdeán arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go bhfuil moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá; agus

Reachtaíocht a Chomhchuibhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip –

Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuibhiú le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go gcuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta maidir le nósanna imeachta i ngníomh de réir ceanglas Eorpach.

1.2 Struchtúr agus an Eagraíocht

Saineagraíocht bheag theicniúil is ea an CSI atá comhdhéanta d'innealtóirí gairmiúla agus a dtacaíonn foireann riaracháin beirte léi. Éascaíonn struchtúr tuairisceoireachta leibhéalta le faisnéis agus smaointe sruthlú thart go saoráideach agus cuireann an struchtúr sin an próiseas sin chun cinn fosta, rud a spreagann an comhairliúchán agus

smaointeoireacht chruthaitheach. Ní amháin go gcuireann sé sin ar chumas an CSI freastal ar riachtanais an chláir saothair atá leagtha amach ina phlean gnó, ach soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre a thagann gan choinne agus nach mór freastal orthu láithreach.

Le cois an Choimisinéara, leis an leibhéal foirne atá ceadaithe, foráiltear le haghaidh ochtar ball eile a bheith ina gcuid den fhoireann theicniúil. Ag tús 2010, bhí post an Choimisinéara folamh, agus de thoradh lánchosc na Roinne Airgeadais ar an earcaíocht, tá dhá phost theicniúla eile fós gan a bheith líonta. Ceapadh Gerald Beesley ina Choimisinéir Sábháilteachta Iarnróid i mí Lúnasa 2010, ach laghdaíodh na hacmhainní teicniúla tuilleadh nuair a d'éirigh beirt den fhoireann as, duine amháin i mí Dheireadh Fómhair agus duine eile i mí na Nollag 2010.

I bhfianaise an riosca a bhaineann leis an easnamh san inniúlacht theicniúil do chumas an CSI a dhualgas rialála a chomhlíonadh, is é sin, maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnród, tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar na riachtanais maidir le hAcmhainní Daonna agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair é i mí na Samhna 2010.

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Chun ceanglais Airteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh, forálann an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid le haghaidh Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) a bhunú laistigh den CSI lena ngabhadh riarachán roinnte ach ina mbeadh socruithe maidir le feidhmeanna na hearcaíochta agus na tuairisceoireachta dealaithe óna chéile. Cheap an tAire Iompair Príomh-Imscrúdaitheoir an AITI in 2007. In 2009, d'fhógair an tAire Iompair go mbunófaí comhlacht a d'imscrúdódh tionóiscí ar chóiracha éagsúla iompair. Cé go bhfuil reachtaíocht chumasúcháin fós le rith, tá sé i gceist go mbeidh an AITI ina chuid den chomhlacht nua seo. Go dtí go mbunófar an comhlacht áfach, coinneoidh an tAonad a stádas reatha laistigh den CSI.

Imscrúdú cúisíoch a dhéanann an tAonad, is é sin le rá go bhféachann lucht an Aonaid le fíricí iomlána eachtra a shainnithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sí, d'fhonn atarlú na heachtra a chosc. Sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid, sonraítear íos-tairseach, ó thaobh caillteanais agus gortuithe de, agus caithfear imscrúdú a dhéanamh má théann leibhéal an chaillteanais agus na ngortuithe os cionn na tairisín. Bíonn sé ar chomhairle an aonaid an ndéanfar eachtraí lena ngabhann tionchar níos lú a imscrúdú.

Thionscain an AITI 6 imscrúdú fhoirmiúla in 2010 ar eachtraí agus ar thionóiscí ar an iarnród, ar tharla ceann amháin díobh ar an **LUAS**.

Eachtraí/tionóiscí a tharla ar IÉ ab ea na cúig chinn eile:

LUAS:

- Tram imithe de na ráillí ag The Point, 13^ú Bealtaine 2010

Iarnród Éireann:

- Chlis ar an gcrochadh i gcarr iarnróid 29000, 18^ú Bealtaine 2010
- Fuair coisí bás ag XE039, 27^ú Meitheamh 2010
- Bhuail traein geata ag XC219 Cill na Mullach, 2^ú Iúil 2010
- Buaileadh feithicil bhóthair agus fuair duine bás ag XM096, 2^ú Meán Fómhair 2010
- Buaileadh feithicil bhóthair ag XM250, 24^ú Deireadh Fómhair 2010

In 2010, d'fhoilsigh an AITI na 6 thuairiscí seo a leanas a rinneadh faoi thionóiscí agus eachtraí a imscrúdaíodh - tharla ceann amháin díobh ar an LUAS. Eachtraí/tionóiscí a tharla ar IÉ ab ea na cúig chinn eile:

LUAS:

- D'imigh LUAS de na ráillí ag Stáisiún Uí Chonghaile, foilsithe 21^ú Aibreán 2010

Iarnród Éireann:

- Imbhualadh traenach ag Stáisiún Phort Láirge, foilsithe 4^ú Márta 2010
- Traein imithe de na ráillí ag Gabhal Luimnigh, foilsithe 10^ú Meitheamh 2010

- Tarbhealach Mhullach Íde tite, foilsithe 16^ú Lúnasa 2010
- Ar éigean a seachnaíodh imbhualadh ag Crosaire Leibhéal AHB Fernslock AHB, foilsithe 26^ú Lúnasa 2010
- Traein imithe de na ráillí in aice le Stáisiún Chill Mhantáin, foilsithe 15^ú Samhain 2010

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



Sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil, pléitear le feidhmíocht an CSI sna trí réimsí oibre buntábhachtacha dá chuid: measúnacht ar an mbealach a chomhlíontar ceanglais, agus ceaduithe a thabhairt; maoirseacht ar chomhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán & comhlíonadh na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin a fhorfheidhmiú, agus reachtaíocht a chomhchuíbhíú le treoracha & rialacháin ón Eoraip.

2.1 Measúnacht ar an mBealach a Chomhlíontar Ceanglais

Tá dhá phríomhshraith i gceist le gníomhaíochtaí faoin teideal seo: Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú agus ceaduithe a thabhairt go gcuirfear bonneagar iarnróid nua agus rothstoc nua i mbun seirbhíse.

2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta

Rud a bhí ina eilimint shuntasach den obair i rith 2010 ab ea an ghníomhaíocht leanúnach a bhain le CBS iarnróid Éireann (IÉ) a mheasúnú de reir cheanglais na Treorach maidir le Sábháilteacht iarnróid agus cheanglais an CSI. I mí Eanáir 2010, bhunaigh an CSI agus IÉ grúpa monatóireachta ardleibhéil a reáchtáil cruinnithe ar bhonn míosúil chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn maidir leis an CBS a ullmhú.

Rinne an CSI an mheasúnacht ar an mbealach a chomhlíontar ceanglais de

réir Chomh-Mhodhanna Sábháilteachta an AE i leith Bainisteoirí Bonneagair a údarú ó thaobh na sábháilteachta de agus sábháilteacht na nGnóthas Iarnróid a dheimhniú. Bhí 95% den obair curtha i gcrích faoi dheireadh 2010, agus táthar ag súil go ngnóthóidh IÉ údarú ó thaobh na sábháilteachta de ón CSI dá fheidhm mar Bhainisteoir Bonneagair agus deimhniú sábháilteachta dá ghníomhaíochtaí mar Ghnóthas Iarnróid i mí Eanáir 2011.

2.1.2 Ceadú le Cur i mBun Seirbhíse

Láimhseáil an CSI ualach oibre nach beag i rith 2010 i ndáil le hoibreacha nua bonneagair a cheadú, lena n-áirítear trí chuid nua de líne iarnróid. Osclaíodh na codanna de Líonra IÉ idir Inis – Baile Átha an Rí agus Cluain Saileach – Dún Búinne le haghaidh tráchta an 30^ú Márta 2010 agus an 3^ú Meán Fómhair 2010 faoi seach; agus osclaíodh síneadh B1 ar Líonra LUAS ó Áth an Ghainimh chuig Gleann Bhríde an 16^ú Deireadh Fómhair 2010.

Coimisiúnaíodh an tionscadal athchomharthaíochta idir Corcaigh agus an Cóbh an 5^ú Aibreán 2010, agus osclaíodh stáisiún nua sna bruachbhailte ag Cluain Ghrífin, idir Gabhal Bhinn Éadair agus Port Mearnóg, le haghaidh paisinéirí an 19^ú Aibreán 2010. Mar chuid den obair le rothstoc a cheadú d'IÉ, ceadáíodh, ina chéimeanna, 5 mheaisín cothabhála a bhíonn ag taisteal ar na rianta chomh maith le hobair leanúnach i ndáil le Cairr Iarnróid Idirchathrach a chur i mbun seirbhíse.

I measc nithe eile a ceadáíodh, bhí na hoibreacha i dtaca le Staid Aviva, a shíneann ar feadh líne IÉ ag Bóthar Lansdún, agus na feabhsúcháin ghaolmhara ar áiseanna le paisinéirí a láimhseáil ag an stáisiún traenach bruachbhaile atá taobh leis. Ceadáíodh dearáí tosaigh le haghaidh an dá thionscadal faoi thalamh – idirnascaire an DART le haghaidh IÉ, agus Meitreo Thuaidh don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid. Tá liosta iomlán de thionscadail le fáil in Aguisín 4.

2.2. Maoirseacht ar Chomhlíonadh Nósanna Imeachta agus Caighdeán & Comhlíonadh na Nósanna Imeachta agus na gCaighdeán sin a Fhorfheidhmiú

Tagann gníomhaíochtaí maoirseachta an CSI as an ngá lena chinntiú go mbíonn a gcórais cheadaithe bhainistíochta sábháilteachta á gcur i ngníomh ag gnóthais iarnróid agus trína bhfeidhmíocht a mheasúnú go leanúnach trí chigireacht ar shócmhainní agus trí thionóiscí a rianú.

Nithe eile a threoraíonn na gníomhaíochtaí sin is ea

1. Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí go tipiciúil;
2. Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann, paisinéirí nó páirtithe atá thíos le ní áirithe;
3. Monatóireacht fhrithghníomhach.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:

Cuirtear roinnt teicnící chun feidhme mar chuid de ghníomhaíocht mhaoirseachta an CSI, lena n-áirítear:

- Cruinnithe maoirseachta ardleibhéil le hOifig Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí Sábháilteachta;
- Cigireacht ar shamplaí de shócmhainní agus
- Iniúchtaí ar phríomhpháirtithe leasmhara.

2.2.1 Iniúcháireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Ceanglais

In 2010, mar chuid de chlár monatóireachta an CSI, reáchtáladh roinnt cruinnithe maoirseachta ardleibhéil leis na sealbhóirí ábhartha dualgais (IÉ agus Veolia) ar pléadh tascairí sábháilteachta buntábhachtacha lena linn. Lena chois sin, tugadh faoi cheithre iniúcháireacht ar mar atá ceanglais á gcomhlíonadh i gCóras Bainistíochta Sábháilteachta IÉ.

Díríodh leis na hiniúcháireachtaí sin ar:

- Inniúlacht Gheatóirí na gcrosairí comhréidhe a bhainistiú
- Sócmhainní a chothabháil (Pointí & Crosairí)
- Comharthaíocht a chothabháil agus inniúlacht na foirne
- Rothstoc a chothabháil (in dhá losta go sonrach)

Rinneadh moltaí de bharr na n-iniúcháireachtaí ar fad agus tá na moltaí sin curtha i ngníomh nó á gcur i ngníomh ag IÉ.

Chuir an CSI a iniúchadh, maidir lena

mhéad is a comhlíonadh ceanglais, i gcrích i leith an cháis inar thit Tarbhealach an Mhóinéir Leathain ag Mullach Íde agus i leith an cháis inar imigh traein de na ráillí i gCill Mhantáin, agus cuireadh an dá cháipéis ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín an CSI. Maidir le tarbhealach Mhullach Íde, chuir an CSI a iniúchadh i gcrích i mí an Mhárta 2010 agus aithníodh 4 ní nár comhlíonadh ceanglais ina leith:

- Loic larnród Éireann tabhairt faoin gcigireacht mar a leagadh amach i gcaighdeán I-PWY-1307 IÉ
- Loic larnród Éireann tabhairt faoin gcigireacht/faoi sheiceálacha mar a leagadh amach i gcaighdeán I-SMS-9021 IÉ
- Loic larnród Éireann tabhairt faoin gcigireacht agus úsáid a bhaint as foirmeacha forordaithe mar a leagadh amach i gcaighdeán I-STR-6510 IÉ 6510 IÉ
- Loic larnród Éireann measúnacht ar an inniúlacht a chur i ngníomh don phearsanra ar fad a bhíonn i mbun ról atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de réir Chaighdeán 67 IÉ um Shábháilteacht larnróid.

Lena chois sin, rinne an CSI 16 moladh lenar cludaíodh raon leathan de shaincheisteanna ó thaobh na bainistíochta sábháilteachta, lenar áiríodh freagrachtaí maidir le cáipéisí a rialú, oiliúint agus inniúlacht agus sábháilteacht.

De réir Alt 76 den Acht um Shábháilteacht larnróid, d'iarr an CSI

‘Plean Feabhsúcháin’ ó larnród Éireann (IÉ) agus cuireadh é sin faoina bhráid go pras. Tá grinnmhonatóireacht á déanamh ag an CSI ar phlean IÉ agus táimid sásta gur tugadh aghaidh ar na nithe nár comhlíonadh ceanglais ábhartha ina leith agus go bhfuil na moltaí curtha i gcrích, nó go bhfuil cuid mhaith díobh curtha i gcrích.

Thug an CSI faoi athbhreithniú ar shocruithe comharthaíochta ag an gcrosaire comhréidh ag Cill na Mullach freisin tar éis eachtra a tharla ansin inar bhuail traein (traein speisialta a dhéanann geoiméadracht na rianta a thomhas) faoi gheataí an chrosaire comhréidh. Ar an dea-uair, níor tharla dá bharr ach go ndearnadh dochar don bhonneagar agus gur cuireadh moill ar thraenacha.

Rinne an CSI Veolia a iniúchadh freisin, ag tabhairt faoi iniúchadh amháin ar a gCóras Bainistíochta Sábháilteachta le féachaint an raibh ceanglais srl. á gcomhlíonadh. **Díríodh leis an iniúcháireacht sin ar:**

- An próiseas lena raibh an obair cothabhála ar chomharthaíocht ar thaobh na líne á bainistiú chomh maith leis an bpróiseas lena raibh an córas le suíomh feithiclí a dhéanamh amach á bhainistiú.

Arís, rinneadh roinnt moltaí agus tá Veolia, i gcomhar le hAlstom (cothabhálaí an bhonneagair) agus an Ghníomhaireacht um Fháil larnród, ag tabhairt aghaidh orthu sin. Déanann an CSI monatóireacht go gníomhach ar an mbealach a chuirtear

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



gach moladh dá ndéantar i ngníomh agus bíonn an CSI ag lorg fianaise go ndearnadh gníomhartha sula gcuirtear clabhsúr le haon mholadh.

2.2.2 Cigireacht & Tionóiscí a Rianú Rinneadh cigireacht ar IÉ agus ar Veolia roinnt uaireanta freisin lenar díriodh ar:

- Sócmhainní an bhonneagair lena n-áirítear droichid agus crosairí comhréidhe;
- Stáisiúin;
- Cábáin na gComharthaí (suíomhanna atá freagrach as gluaiseachtaí traenach a rialú);
- Suíomhanna inarb eol foghail agus/nó loitiméireacht a bheith ag tarlú nó inar tuairiscíodh a leithéid
- Bonneagar agus slándáil na mbealaí tram agus foghail orthu.

I gcás go raibh siad in ann i bhfianaise an ócáid a bhí i gceist, thapaigh cigirí an deis taisteal i gcábáin traenacha chun oibriúcháin a mheasúnú chomh maith leis an mbail a bhí ar an mbuanbhealach. Rinneadh cigireacht le linn na seirbhíse ar gach iarnród oidhreacht a dá bhfuil á fheidhmiú faoi láthair.

Rinne an CSI monatóireacht freisin ar an mbealach a cuireadh na moltaí a rinne an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) i ngníomh tar éis a gcuid imscrúduithe neamhspleácha cúisíocha.

2.2.3 Buairimh an Tionscail

Coinníonn an CSI teagmháil fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar bun lenár gcomhghleacaithe, na comhlachtaí rialála agus imscrúdúcháin san Eoraip. Scaip an CSI gach tuairisc maidir le tionóiscí agus gach fógra comhairleach maidir le cúrsaí sábháilteachta a d'eisigh na heagraíochtaí sin i gcás gur measadh gur bhain siad le Gnóthais Iarnróid anseo.

Tharla dhá eachtra mharfacha in 2010 (gan cásanna, ina ndearnadh foghail nó a bhfuil amhras ina leith gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, a chur san áireamh). Bhain an chéad cheann le feirmeoir ag crosaire comhréidh garaíochta in aice le Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Co. an Chláir, agus tharla an dara eachtra mharfach nuair a bhuaill traein lastais faoi tharracóir ag crosaire comhréidh eile ar thaobh Bhaile Átha Cliath den Chaisleán Riabhach i gCo. Ros Comáin. Tá cigireacht ar an mbealach a comhlíonadh ceanglais ábhartha á tabhairt chun críche ag an CSI maidir leis an gcás deiridh agus tá fiosrúchán Iarnróid Éireann maidir leis an mbás a tharla in aice le Droichead Abhann Ó gCearnaigh á leanúint ag CSI.

Bhain gortú tromchúiseach d'ógánach i mí Mheáin Fómhair 2010 in aice le stad Fatima ar Líne Dhearg an LUAS. Bhí an duine sin i mbun gníomhaíocht ar a dtugtar 'surfáil tramanna'. Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná duine a bheith i ngreim an tram, ar an taobh lasmuigh, ag na doirse go hiondúil, agus an tram

ag gluaiseacht. Thit an t-ógánach den tram, bhain gortuithe tromchúiseacha dó agus cuireadh san ospidéal é.

Aithníonn an CSI na gníomhaíochtaí bolscaireachta atá déanta ag Veolia ó tharla an eachtra sin agus leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag déanamh grinnmhonatóireachta ar ghníomhaíochtaí den sórt sin.

2.2.4 Uirill ón bpobal

Is é an pobal, paisinéirí nó daoine eile, ár bpríomhchustaiméirí agus tugtar an-aird ar fad i gcónaí ar a gcuid buaireamh ó thaobh shábháilteacht na n-iarnród de. Féachann an CSI, cibé uair is féidir, le déileáil leis na cásanna go díreach, ach i gcás gur gá, lorgáimid faisnéis bhreise ón sealbhóir dualgais chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar.

Fuaireamar seacht n-uiríoll dhíreacha nó neamhdhíreacha is daichead in 2010 a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na n-iarnród trom agus éadrom de, agus b'ardú é sin ar líon na n-uiríoll a fuarthas in 2009 (31). Bhain thart ar 37 uiríoll le hoibriúcháin nó bonneagar Iarnróid Éireann agus bhain na cúig chinn eile le córas LUAS (Iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath). Bhí líon beag díobh ina n-údar buairimh agus ghníomhaigh an CSI láithreach chun a chinntiú gur gníomhaíodh ina leith, mar shampla, doirse traenach a bheith á gcumasú ar an taobh mícheart. Ní raibh ceann ar bith de na cinn eile ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:

láithreach nó ina n-údar buairimh go sonrach ach imscrúdaíodh iad ar fad agus freagraíodh dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na n-ábhar a bhíonn i gceist leis na huiríll ar bhonn leanúnach ionas go sainaithneofar aon atarlú nó treochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

Nithe éagsúla, arís, a bhí i gceist leis na huiríll in 2010, agus bhain siad le nithe amhail téamh na dtraenacha, rud a d'fhéadfaí a áiteamh nach mbaineann le cúrsaí sábháilteachta, agus nithe eile amhail comharthaíocht ag crosairí comhréidhe. Tháinig méadú ar líon na n-uiríoll a fuair an CSI maidir leis an mbail a bhí ar na droichid iarnróid, agus rinne an CSI cigireacht ar gach ceann díobh agus d'fhreagair sé do na huiríll le cúnamh IÉ.

2.2.5 Monatóireacht Fhrithghníomhach

Tharla monatóireacht fhrithghníomhach, rinneadh cigireacht ar shuíomhanna agus imscrúdaíodh/iniúchadh cúrsaí maidir leis an mbealach a comhlónadh ceanglais ábhartha i ndáil leis na heachtraí seo a leanas:

Eachtraí Iarnród Éireann:

- Eachtra ina bhfuair duine bás in aice leis an Aonach, Co. Luimnigh (Aicmithe ag an gCróinéir mar mhíthapa), 26^ú Meitheamh 2010
- Eachtra ina bhfuair duine bás ag XE039 in aice le Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Co. an Chláir, 27^ú Meitheamh 2010

- Cás inar bhuail traein le geataí crosaire comhréidh ag Cill na Mullach, 2^ú Iúil 2010
- Eachtra ina bhfuair duine bás in aice leis an gCaisleán Riabhach, Co. Ros Comáin, 2^ú Meán Fómhair 2010
- Sciorradh talún ag fágáil salachair ar líne reatha i mBaile Thiobraid Árann, 7^ú Meán Fómhair 2010

Eachtraí LUAS:

- Tram imithe de na ráillí ag Spencer Dock, 13^ú Bealtaine 2010
- Gortú tromchúiseach ag Fatima de bharr foghla, 3^ú Meán Fómhair 2010
- Cás inar bhuail Tram faoi dhuine i limistéar Bhóthar an Náis de bharr foghla, 26^ú Samhain 2010

2.2.6 Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, ar nós Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc a sheirbheáil. Tionscnaíodh na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas i rith 2010:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin iarrtha:

- Tar éis don CSI athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe comharthaíochta IÉ ag crosaire comhréidh Chill na Mullach
- Tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon IÉ ceanglais maidir le comharthaíocht séimeafór a chothabháil
- Tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a

chomhlíon IÉ ceanglais maidir le Moltaí AD Little a sheachadadh tar éis do chuid de tharbhealach an Mhóinéir Leathain titim

- Tar éis don CSI cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní an bhonneagair ar le hIarnród Oidhreachtá Iarthar an Chláir iad.

Alt 77 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 - Fógra Feabhsúcháin (litir intinne nó fógra seirbheáilte):

- Tar éis don CSI iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíon IÉ ceanglais maidir le rothstoc a chothabháil

2.3 Reachtaíocht a Chomhchuihiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip

Trasuíodh an Treoir maidir le Tiománaithe Traenach (2007/59/EC) a Cheadúnú isteach i ndlí na hÉireann i mí Lúnasa 2010. Féachtar leis an Treoir sin inniúlachtaí tiománaithe traenach a chomhchuihiú ar leibhéal Eorpach agus le héascú le gluaiseacht an lucht oibre. Ní thabharfar teidlíocht chun tiomáint go huathoibríoch nuair a bhronntar ceadúnas ar thiománaí, toisc go gcaithfidh deimhniú comhlántach a bheith ag tiománaithe freisin, arna eisiúint ag an bhfiontar iarnróid. Beidh feidhm leis an gcóras nua do thiománaithe trasteorann a cheapfar den chéad uair ó Dheireadh Fómhair 2011.

¹ Níor seirbheáladh an fógra toisc go raibh an CSI sásta, de bharr uirill a rinne Iarnród Éireann, go ndearnadh gníomhartha ceartaitheacha. Tá an iarraidh ar phlean feabhsúcháin á bhreithniú ag an CSI faoi láthair.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna:



D'ullmhaigh an CSI téacs reachtaíochta chun an Treoir athmhúnlaite maidir le Comh-Inoibritheacht Iarnróid 2008/57/CE a thrasúomh isteach i ndlí na hÉireann. Comhchuibhíodh an léirmhíniú a rinneadh ar an Treoir seo, a bhfuil na gnéithe teicniúla a bhaineann léi casta, i rith 2010, agus modhnaíodh roinnt de na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir. Tugadh comhairle don Roinn freisin maidir le Treoracha 2008/110/CE agus 2009/149/CE a thrasúomh, lena leasaítear an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid 2004/49/CE.

Lena chois sin, soláthraíodh cúnamh teicniúil don Roinn maidir leis an Treoir ón Eoraip 2008/68/CE a thrasúomh. Baineann an treoir le hearraí contúirteacha a iompar ar talamh go himmheánach agus a leasaíodh le Treoir 2010/61/AE í. D'fhág sé sin gur síníodh Ionstraim Reachtuil Uimh 651 de 2010 (Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Iompar Earraí Contúirteacha d'Iarnróid), ina dlí i mí na Nollag 2010.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach le cúrsaí rialála a fhorbairt maidir le hiarnróid na hEorpa. D'fhreastail sé ar thrí chruinniú de chuid an Choiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Chóras Iarnróid na hÉireann mar chomhairleoir teicniúil don Roinn Iompair. Tá ionadaíocht ag an CSI ar Bhord Ghníomhaireacht Iarnróid na hEorpa agus ar roinnt meitheleacha de chuid na gníomhaireachta sin, agus d'fhreastail sé ar cheithre chruinniú iomlánacha leis na hÚdaráis Sábháilteachta Náisiunta.

2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le Chéile

Tá cúrsaí sábháilteachta ag Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile fós ina n-údar buairimh don CSI. Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair, rud a thugann deis dó gníomhú maidir le míshuaimhneas faoin gceist trína chomhaltaí – gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, an Roinn Iompair, tarlóirí bóthair agus na Gardaí. Tháinig an grúpa le chéile trí huaire i rith 2009. Le cois na gcruinnithe sin, d'eagraigh an grúpa cruinnithe feasachta timpeall na tíre freisin chun teacht le chéile le hinnealtóirí agus le bainisteoirí ó na húdaráis áitiúla agus ó na hiarnróid chun ár n-obair sa ghrúpa a chur in iúl dóibh agus chun réimsí áirithe atá ina n-údar buairimh, ag na suíomhanna ar tugadh cuairt orthu, a phlé. Tharla trí chruinniú den sórt sin in 2009, ar an Muileann gCearr, i Luimneach agus i gCaisleán an Bharraigh.

Faoi mar a dúradh i dtuarascáil bhliantúil 2008, chuir an CSI taighde i gcrích sa réimse maidir le heachtraí ina mbuailtear droichid a chosc. Rinneadh roinnt moltaí agus díríodh iad ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad lena n-áirítear an CSI, IÉ, an tÚdarás um Bóithre Náisiunta (RSA) agus Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA). Tá na heagraíochtaí aonair tar éis na moltaí sin a bhreithniú agus tá monatóireacht á déanamh ar an bpróiseas lena bhfuiltear á gcur i

ngníomh tríd an Meitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair. Tá treoir dea-chleachtais dréachtaithe maidir le heachtraí ina mbuailtear droichid a chosc agus tá sé sa sceideal go bhfoilseofar go luath in 2011 í.

3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta:

3.1 Réamhrá

Meastar feidhmíocht sealbhóir dualgais i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta de do na ceithre phríomhearnáil iarnróid a rialálann an CSI, mar atá, an t-iarnród trom, an t-iarnród éadrom, córais thionsclaíocha agus na hiarnróid oidhreachta. Tá sé d'oibleagáid ar gach gnóthas iarnróid eachtraí agus tionóiscí iarnróid a chur in iúl don CSI. Úsáidtear na sonraí sin chun feidhmíocht na sealbhóir dualgais ó thaobh na sábháilteachta de a mheasúnú, i measc rudaí eile.

3.2 Líonra Iarnród Éireann

Ag deireadh na bliana, bhí 1683 ciliméadar de bhealaí iarnróid i mbun seirbhíse ar líonra IÉ, méadú 18km. **Is iad seo a leanas na príomhathruithe ar an gcóras in 2010:**

- Líne idir Inis agus Baile Átha an Rí coimisiúnaithe;
- Líne idir Cluain Saileach agus an Bealach (M3) coimisiúnaithe;
- Deireadh curtha le seirbhísí ar líne Dheisceart Loch Garman idir (Port Láirge) Strand Ros Láir.

Tháinig laghdú 1½ % sa bhliain 2010 ar líon taifeadta na dturas a rinne paisinéirí.

Cuirtear staitisticí maidir le tionóiscí i láthair go mion in Aguisín 2. Tuairiscíodh naoi mbás a bhain le feithiclí iarnróid a bhí ag gluaiseacht. Bhain na heachtraí mífhortúnacha seo le, i measc nithe eile, fear óg a bhí sa tóir ar mhadra ar an líne, fear a bhí ag féachaint le hainmhí feirme

a bhaint den líne gar do chrosaire comhréidh ar pháirc feirme agus fear ar tharracóir feirme ag chrosaire comhréidh a fheidhmíonn an t-úsáideoir ar bhóthar.

Níor tuairiscíodh aon chásanna inar imigh traenacha seirbhíse de na ráillí nó inar bhuail na traenacha sin faoi nithe eile. Dá ainneoin sin, d'imigh traenín cothabhála agus gluasteoir araon de na ráillí i dtaobhlaigh agus d'imigh tampar de na ráillí le linn dó a bheith i mbun cothabhála ar an bpríomhlíne. Cé gur tháinig laghdú ar líon na bpríomhchomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu, d'fhan an figiúr foriomlán le haghaidh comharthaí contúirte a ndeachthas tharstu seasmhach.

Bhí dhá chásanna ann inar bhuail traenacha faoi mhótarfeithiclí ag crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre, carr a bhí i gceist i gcás amháin agus tarracóir a bhí i gceist sa cheann eile, agus bhuail traenín amháin faoi gheataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh.

Níl athrú suntasach tagtha ar ráta na bhfeithiclí bóthair a bhuaileann droichid os cionn agus faoi bhun an iarnróid ón mbliain 2009. Tuairiscíodh trí chás inar sciort an talamh agus inar cuireadh as don líne traenach dár bharr.

Tháinig méadú ar líon na n-eachtraí dóiteáin agus deataigh ar thraenacha tar éis laghdú nach beag in 2009. As measc na naoi n-eachtra a tuairiscíodh, gníomh

a rinneadh d'aon turas a bhí i gceist le ceann amháin ar fheithicil DART, bhain ceann eile le gluasteoir, bhain ceann eile le meaisín cothabhála a thaistealaíonn ar na rianta agus bhain na cinn eile le stoc paisinéirí. Níor gortaíodh aon phaisinéirí de thoradh aon chinn de na heachtraí sin.

Tá líon na gcásanna ina dtuairiscítear gur bhuail traenacha faoi ainmhithe móra ar an líne mórán mar an gcéanna. As measc na n-eachtraí sin, baineann a bhformhór le fianna anois.

Aimsíodh ceithre ráille bhriste ar línte paisinéirí in 2010. I gcomparáid leis sin, aimsíodh dhá líne bhriste ar línte paisinéirí agus dhá cheann ar líne lastais sa bhliain 2009. Níor tuairiscíodh aon chásanna do bhliain 2010 inar lúb rianta.

3.3 LUAS

Is éard atá i gcóras iarnróid éadroim uirbeach LUAS dhá líne ar leithligh a ritheann ar rianta dúbailte. Tá an líne Ghlas 16.5 km ar fad agus ritheann sé ó Fhaiche Stiabhna go dtí Áth an Ghainimh: Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 95% den líne sin agus tá 14 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann chomh maith le dhá chrosaire comhréidh ar an mbóthar nach bhfuil comhartha ag gabháil leo. Tá an líne Dhearg 16.6 km ar fad, ag rith ó Thamhlacht go dtí The Point (Dugthailte Bhaile Átha Cliath): Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn

3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta:



ar an mbóthar ar 60% den líne sin agus tá 41 crosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann.

Ba é 3.1 milliún líon iomlán na gciliméadar a thaisteal na tramanna: (a raibh 38% díobh siúd ar an Líne Ghlas agus 62% ar an Líne Dhearg), arb ionann é sin agus méadú thart faoi 14% i gcomparáid le 2009. Chuir paisinéirí 27½ milliún turas i gcrích san iomlán, méadú thart faoi 8% i gcomparáid le 2009. **B'iad seo a leanas na príomhathruithe ar an gcóras in 2009:**

- Obair curtha i gcrích ina hiomláine maidir le 402 tram a sheachadadh agus a choimisiúnú, agus leis an 401 tram uile a aistriú chuig an Líne Dhearg;
- Córas chun sleamhnú na roth a chosc curtha leis an 401 tram;
- Síneadh na Líne Glaise chuig Gleann Bhríde oscailte le haghaidh seirbhíse do phaisinéirí i mí Dheireadh Fómhair 2010;
- Naoi gcinn bhreise de chrosairí comhréidhe le comhartha ar an mbóthar curtha isteach ag gabhail.

Taifeadadh na heachtraí seo a leanas maidir leis an tseirbhís do phaisinéirí i rith 2010:

- 30 miontionóisc a bhain le trácht ar bhóithre
- 2 mhórtéagmháil le duine den phobal
- 1 eachtra thromchúiseach amháin tar éis do dhuine féachaint le bheith ag taisteal ar an taobh lasmuigh den tram;
- 20 miontéagmháil le daoine den phobal

- 2 chás inar imigh tram de na ráillí
- 5 hiarracht le tramanna a chur trí thine

Tháinig méadú 30% ar líon na dtionóiscí a bhain le trácht ar bhóithre i gcomparáid le 2009, agus bíonn 94,000 ciliméadar á thaisteal ag tramanna idir tionóiscí den sórt sin, ar an meán, anois. Is ar an Líne Dhearg a tharlaíonn formhór mór na dtionóiscí a bhaineann le trácht ar bhóithre. Tháinig méadú 22% ar líon na n-eachtraí inar teagmhaíodh le daoine. Tuairiscíodh trí ghortú thromchúiseacha, ceann le rothail agus beirt a bhain le foghail.

Bhí 375 cás ann inar cuireadh na coscáin ag obair chun freagairt d'éigeandáil, agus tháinig laghdú eile de 6% ar ráta na gcásanna sin in aghaidh gach milliún ciliméadar a thaistealaíonn tramanna. Cé gur fhill líon na n-uaireanta a baineadh úsáid as an murlán éigeandála ar ais chuig leibhéal 2008 tar éis do dhuine amháin úsáid ainmheasartha a bhaint as in 2009, ní raibh cúis mhaith i gceist ach le líon is lú ná 10% de na heachtraí sin agus tharla 95% díobh ar an Líne Dhearg.

3.4 Córais Thionsclaíocha

Teagmhaíonn córas iarnróid thionsclaíoch Bhord na Móna le bóthar poiblí. Tá rannpháirtíocht an CSI teoranta agus ní chuimsítear ach na pointí a dteagmhaíonn an t-iarnród sin le bóithre poiblí agus iarnróid eile.

Tharla tionóisc amháin ar chrosaire comhréidh, áit ar tháinig carr a bhí á thiomáint ag fear áitiúil i ngar don chrosaire tráth a raibh leac oighear ar an mbóthar agus ceo ann, agus bhuail sé faoin mbacainn agus faoi vaigín amháin de thraein. Bhí an crosaire cosanta le bacainní agus bhí comharthaí agus soilse gealánacha ann freisin. Níor bhain aon gortuithe suntasacha d'aon duine dá thoradh.

3.5 Iarnróid Oidhreacht

Níor thuairisc aon iarnród oidhreacht aon eachtraí in 2010. Cé gur shásúil mar a d'fheidhmigh an earnáil ó thaobh na sábháilteachta de i gcoitinne, tá an CSI ag obair le roinnt oibriúcháin iarnróid oidhreacht chun caighdeán sábháilteachta a ardú.

4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán

4.1 Réamhrá

Is éard atá sa rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

4.2 Cúrsaí Airgeadais

4.2.1 Maoiniúchán

Soláthraíonn an Roinn Iompair cuid dár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair agus tagann cuid dár maoiniúchán ó thobhach a chuirtear ar gach ceann de na gnóthais iarnróid. €1m a bhí i gceist leis an maoiniúchan ón Deontas-i-gCabhair in 2010. Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus rinne rialacháin chun tobhach a fhorchur ar gach ceann de na Gnóthais iarnróid. Déantar na rialacháin seo go bliantúil agus tá na rialacháin i gcomhair 2010 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 10 de 2010.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ár gcuntais i gcomhair 2009 a iniúchadh agus cheadaigh an tArd-Reachtair iad i mí Feabhra 2011

4.2.2 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir

leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn dearmadaí á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Is í seo an ceathrú bliain atá an CSI ar an bhfód. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á bhforbairt go leanúnach againn lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI:

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach a foilsíodh sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh a bhunú chun comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Bhí tuilleadh dul chun cinn déanta ag an CSI i rith 2010 maidir le timpeallacht a

chruthú ina rialófaí cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir trí chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, trí nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dheighilt go soiléir, agus trí chóras tarmiligin agus cuntasachta. Is ábhar suntais na gnéithe seo a leanas den chreat sin:

- Córas cuimsitheach um buiséadú, lena ngabhann buiséad bliantúil, a ndéanann an CSI a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- Gach íocaíocht ón gCoimisinéir a athbhreithniú go rialta agus go leanúnach;
- Gach sonrasc a dheimhniú, lena n-áirítear éilimh maidir le costais taistil agus chothaithe, sula n-íocann agus sula n-údaraíonn an Coimisinéir iad;
- Targaidí a leagan síos chun feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus nithe eile a thomhas.

Deimhníonn an CSI go gcloítear le gach nós imeachta cuí maidir le cúrsaí airgeadais a thuairisciú, maidir leis an iniúcháireacht inmheánach, cúrsaí soláthair agus maidir le sócmhainní a dhiúscairt.

4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an CSI.

4.2.5 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil agus chothaithe agus speansais ghaolmhara.

4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán



4.3 Comhchoiste an Oireachtais um Iompar

Thug an CSI tuairisc i mí Mheáin Fómhair do Chomhchoiste an Oireachtais um Iompar tar éis do thuairisc an AITI a bheith foilsithe maidir leis an gcás inar thit Tarbhealach an Mhóinéir Leathain.

4.4 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanóireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

4.5 Saoráil Faisnéise

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarnróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne Iompair, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfear an Coimisiún san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá faoi rialú an Achta seo faoi 2011. Idir an dá linn, táimid tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

4.6 Chairt Chustaiméirí

Ullmhaíodh an Chairt Chustaiméirí in 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI. Tugtar cuntas sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse lenár féidir le custaiméir a bheith ag súil ón CSI. Ní bhfuarthas aon ghearáin maidir leis an tsairbhís do chustaiméirí in 2010.

4.7 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an CSI chun súil a choinneáil ar na rioscaí is mó dá bhfuil ann dá ghnó.

4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisinéir agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

4.9 Ráiteas Straitéise 2009–2011

Tháirg an CSI an dara Ráiteas Straitéise dá chuid in 2009. Sa cháipéis seo, sainithnítear treo an Choimisiúin ó thaobh straitéise, agus an t-Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid san áireamh, don tréimhse 2009 go dtí 2011, agus soláthraíonn an cháipéis treoir shoiléir dár bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha maidir lenár spriocanna agus ár gcuspóirí gnó. Beidh an CSI á threorú ag an Ráiteas Straitéise seo agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige.

5. Ag Breathnú Amach Romhainn

Leanfaidh an CSI ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chur i ngníomh faoi reachtaíocht Eorpach agus faoi reachtaíocht Náisiúnta agus áireofar na réimsí seo a leanas mar chinn a dtabharfar tús áite dóibh in 2011:

- An próiseas a chur i gcrích maidir leis an measúnacht ar an mbealach a chomhlíonann CBS Iarnród Éireann na ceanglais ábhartha, chomh maith le feidhmeanna Bhainisteoir Bonneagair IÉ a údarú ó thaobh na sábháilteachta de ina dhiaidh sin agus sábháilteacht ghníomhaíochtaí Ghóthnas Iarnróid IÉ a dheimhniú.
- Measúnacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann an CBS de chuid an Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) na ceanglais ábhartha lena chinntiú nach dtugtar aon riosca breise isteach ar líonra IÉ de bharr oibriúcháin a dtraenacha oidhreachta.
- Réimeas nua iniúchóireachta agus cigireachta a thabhairt isteach maidir le maoirseacht ar an mbealach a chomhlíonann IÉ an CBS dá chuid de réir chomh-mhodhanna sábháilteachta na hEorpa.
- An t-easnamh maidir le sainacmhainní teicniúla daonna a réiteach lena chinntiú go mbeidh leordhóthain inniúlachta ag an CSI chun tabhairt faoin réimeas nua iniúchóireachta agus cigireachta.
- An próiseas um cheadú a chur i gcrích chun cead a thabhairt don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród síneadh 4.2km City West a chur i mbun seirbhíse ar líonra an LUAS ó Bhelgard chuig Teach Sagard.
- Measúnacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann sraith bhreise (17 bhfoireann ina bhfuil trí charr) de Chairr Iarnróid Idirchathrach na ceanglais sábháilteachta ábhartha lena chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais sin sula dtabharfar cead d'IÉ iad a chur i mbun seirbhíse.
- Sainstaidéar a chur i gcrích chun fachtóirí a aithint ar féidir leo rannchuidiú le cuimhne chorparáideach neamhfhoirmiúil a chailleadh, le tagairt ar leith d'fheidhmeanna innealtóireachta Iarnród Éireann.

I rith 2011, leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean “Sábháilteacht na n-Iarnród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach.”

Aguisín 1

Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann

Bliain	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Foireann	5,759	6,021	5,833	5,590	5,462	5,114	4,933	4,845	N/B	4,254
Km Traenach - paisinéirí	12,356,000	12,602,000	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000	18,044,657	16,190,950	n/a
Km Traenach - lastas	4,133,000	2,895,000	2,705,000	3,350,000	4,953,000	3,737,000	772,000	1,034,173	946,374	n/a
Km Iomlána Traenach	16,489,000	15,497,000	14,950,000	15,217,000	17,987,000	18,242,000	16,832,000	19,918,501	18,182,358	n/a
Iomlán na dturas ag paisinéirí	34,206,000	35,370,000	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000	44,646,000	38,800,000	38,225,000
Ciliméadair Iomlána ag Paisinéirí	1,515,303,000	1,628,410,000	1,600,615,000	1,581,698,000	1,781,400,000	1,872,067,000	2,007,065,000	1,975,786,000	1,681,100,000	1,677,939
Ciliméadair na mBealaí								1657	1665*	1683

* Tabhair do d'aire gur athraíodh an bonn le Ciliméadair Bhealaí an Lónra a ríomh i rith 2009. Fuarthas figiúr nua dá bharr sin do 2008 agus 2009. Athosclaíodh líne Mhainistir na Corann i rith 2009, rud a d'fhág gur méadaíodh Ciliméadair na mBealaí.

Aguisín 2: Eachtraí agus gortuithe iarnróid ar líonra iarnród Éireann 2001-2010

Oibriúcháin agus cothabháil iarnróid: gortuithe marfacha	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Gortú marfach do dhuine de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do chustaiméir, gan páirt ag traein ann	-	-	-	-	-	-	1	-	-	-
Gortú marfach de bharr tionóisce iarnróid ag crosaire comhréidh	-	1	-	1	-	-	1	1	-	2
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach de shórt eile d'fhostaí ar an iarnród	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	11	9	10	11	8	7	5	8	5	8

Oibriúcháin agus cothabháil iarnróid: gortuithe neamh-marfacha	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Gortú do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	11	5	-	-	12	-	-	-	2	-
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	60	54	66	70	73	41	35	22	40	28
Gortú do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	65	43	69	65	48	55	50	43	17	64
Gortú do phaisinéir i stáisiún nó do chuairteoir ar áitreabh	81	108	81	86	105	69	84	74	88	27
Gortú d'fhostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	10	5	12	8	4	15	8	9	13	12
Gortú d'fhostaí i mbun oibre ar iarnród	118	104	109	118	100	69	78	79	65	57
Gortú d'fhostaí ag crosaire comhréidh	3	1	2	-	1	2	4	-	-	-
Duine gortaithe i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh	3	1	-	-	-	-	1	-	-	-
Gortú paisinéara i dtionsóic iarnróid ag crosaire comhréidh	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Úsáideoir crosaire chomhréidh gortaithe	2	3	-	3	4	-	1	1	1	-
Gortú do dhuine eile	2	4	6	6	3	5	1	2	-	1

Eachtraí traenach	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith a cuireadh de ráilí ar líne reatha	1	1	4	-	2	3	1	2	1	-
Traein eile a cuireadh de na ráilí ar líne reatha	1	-	1	-	-	2	2	2	2	1
Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar bith ar líne reatha	1	-	1	-	1	1	-	-	1	-
Imbhualadh traenach le stad maolán (traein phaisinéirí i mbun seirbhíse ar líne reatha)	2	1	-	-	-	-	-	1	-	-
Imbhualadh eile idir traenacha ar líne reatha	-	-	1	-	-	-	-	1	-	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crosaire comhréidh	2	4	-	2	2	1	4	4	-	2
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh	4	3	2	3	-	2	2	1	-	1
Imbhualadh traenach le feithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)	-	2	2	-	-	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach le hainmhí/ainmhíthe	32	32	43	40	42	43	42	33	20	24
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	2	2	3	1	-	5	9	17	10	27

Eachtraí maidir le rothstoc	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Tine nó deatach ar ghluasteoirí nó rothstoc eile	7	11	8	9	4	13	27	13	6	9
Carráistí traenach a d'ímigh óna chéile agus an traein ag rith	-	2	1	-	3	-	1	1	1	-
Eachtra maidir le doras rothstoic	-	4	3	-	-	1	11	4	1	1

Eachtraí ar bhealaí buana & maidir leis an mbonneagar	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Ráille ar líne phaisinéirí scoilte ó bhun go barr	3	5	3	1	6	4	1	2	4	4
Bhuail feithicil bhóthair droichead faoin iarnród	79	99	137	123	203	194	140	86	97	92
Bhuail feithicil bhóthair uchtbhalla droichead os cionn an iarnróid	3	4	6	13	12	23	40	26	17	14
Traein dulta thar phríomhchomhartha (reatha) contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	29	22	32	29	36	25	22	12	17	14*
Iomlán na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	n/b	22	22	22

Tugann n/b le fios nach raibh an staitistic ar fáil tráth a raibh an tuarascáil seo á tiomsú

Aguisín 3

Aguisín 3: Staitisticí LUAS

Staitisticí oibriúcháin agus tionóiscí larnród Éadrom Bhaile Átha Cliath 2005-2010

Year	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Km (mílte) Tram	2,500	2,661	2,751	2,744	2,695	3,082
Tionóiscí Tráchna Bóithre (TTB)	36	24	28	32	23	30
Theagmhaigh duine leis an tram	8	21	18	20	18	23
Imbhualadh idir tramanna	1	-	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí in iosta	4	-	3	1	-	-
Cuireadh de na ráillí ar an bpríomhlíne	1	1	-	-	1	2
- Garchabhair	5	1	3	1	5	2
- Cóir leighis	10	9	11	4	20	15
- Cúram Ospidéal	2	2	2	1	4	3
Gortuithe Iomlána	17	12	16	6	29	20
Murlán Éigeandála	14	21	22	43	108	41
Coscán Éigeandála	946	747	540	435	350	374

(Is ionann – agus Nialas. Tugann N/B le fios nach raibh faisnéis ar fáil)

Nóta: Ba é 2005 an chéad bhliain iomlán a raibh LUAS i mbun feidhme.

Aguisín 4

Aguisín 4: Ceaduithe a dheonaigh an CSI in 2010

Tionscadail maidir le Bonneagar	Céim an Tionscadail		
	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Coimisiúnú an Oibriúcháin
Athchomharthaíocht idir Corcaigh agus an Cóbh		✓	✓
Stáisiún Iarnróid Chluain Ghrífin			✓
Dart Faoi Thalamh	✓		
Iarnród Dhún Búinne do Chomaitéirí			✓
Droichead Hop: Líne Chorcaí			✓
Líne A1 an LUAS	✓		
Líne B1 an LUAS			✓
Staid Bhóthar Lansdún			✓
Tollán Luimnigh: Droichead ag Bóthar Greenfield			✓
Seachbhealach an Longfoirt: droichead nua			✓
Miotail – Dun Laoghaire			
Meitreo Thuaidh	✓		
M7/M8: Droichead ag Doon		✓	✓
M7/M8: Droichead ag Cill Mhac Stola			✓
M7/M8: Droichead ag Lios na Graí			✓
M7/M8: Droichead ag Coolballyogan			✓
M7/M8: Droichead ag Maghernaskeagh			✓
M7/M8: Droichead ag Cluain Caoin			✓
M9: Droichead ag Cnoc Maoláin			✓
M9: Droichead ag Baile Shiurdáin			✓
M9: Droichead ag an Pháirc Gharbh			✓
M9: Droichead ag Dún Cit			✓
M9: Droichead ag Dún Bile			✓
M9: Droichead ag Cill Mhic Bhúith			✓
Uasghrádú ar an M50/N3: droichead nua			✓
N17/N18: Droichead ag Iar Cluana			✓
Seachbhóthar an Aonaigh: droichead a leathnú			✓
Droichead Píobáin Iarnróid: Líne Loch Garman		✓	✓
Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire: bothán traenach		✓	
Bealach Iarnróid an Iarthair			✓
Bóthar Rochtana Chalafort Chill Mhantáin: Dhá dhroichead			✓

Tionscadail Rothstoic	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mion-sonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Vaigíní Ballasta			✓	✓	
Galghluaisteoir Barclay 2265					✓
Tram 402 LUAS - Fógraíocht					✓
Feithicil Ghlantacháin Iarnróid Bhóthair LUAS		✓			
Meaisín Friteagmhála ar Linte Pléineálte		✓	✓	✓	✓
Meaisín Friteagmhála ag Pointí agus Crosairí			✓	✓	✓
Vaigín Tástála Ultrasonach	✓				